Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004

# EALAÍN –

# STAIR AGUS LÉIRTHUISCINT NA hEALAÍNE

## ARDLEIBHÉAL

DE LUAIN, 21 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 4.30

---

Tá 150 marc ag dul don pháipéar seo.

**TREORACHA**

(a) Scríobh an oiread agus is féidir leat ar **thrí** cheist. Bá choir ceist **amháin** a roghnú as Roinn I, ceist **amháin** as Roinn II agus ceist **amháin** as Roinn III.

(b) Tá na ceisteanna uile ar aon mharc. (50)

(c) Ní mór **sceitsí agus léaráidí** a úsáid pé áit is féidir chun do chuid pointí a léiriú.

(d) **Déan tagairt do na léaráidí atá ar an mbileog leis an bpáipéar seo de réir mar is gá.**

# Roinn 1 – AN EALAÍN IN ÉIRINN

**1.** Is fianaise iad na Tuamaí Meigiliteacha i nGleann na Bóinne ar shochaí a bhí dea-eagraithe in Éirinn ag an am ar tógadh iad. Pléigh an ráiteas seo maidir le tuama amháin go háirithe, agus bíodh tagairt i do fhreagra do struchtúr, do mhaisiúchán agus d'fheidhm.
*Léirigh do fhreagra.*

**2**. Bhí tionchar ag cultúr La Tène ar ealaín na miotalóireachta agus na saoirseachta cloiche in Éirinn le linn na hIarnaoise.
**(a)** Mínigh cad a thuigeann tú leis an téarma La Tène.
**<u>agus</u>**
**(b)** Déan cur síos agus plé ar phíosa miotalóireachta amháin agus ar phíosa saoirseacht chloiche amháin inar féidir an tionchar seo a shonrú.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** **(a)** Déan comparáid agus contrárthacht, chomh mion agus is féidir leat, idir dearadh agus maisiúchán Bhacall an Leasa Mhóir agus Bhacall na nAb i gCluain Mhic Nóis. ***Tá an dá cheann díobh léirithe ar an mbileog faoi iamh leis seo.***
**<u>agus</u>**
**(b)** Ainmnigh agus déan cur síos ar shampla amháin eile de mhiotalóireacht reiligiúnach ón tréimhse chéanna.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Tharla forbairt shuntasach maidir le dearadh, samhlacha, dathanna agus maisiúchán na lámhscríbhinne maisithe ón gCathach go dtí Leabhar Cheanannais.
**(a)** Pléigh an ráiteas seo maidir le dhá lámhscríbhinn ar a laghad
**<u>agus</u>**
**(b)** Déan cur síos agus plé ar leathanach amháin as Leabhar Cheanannais.
*Léirigh do fhreagra.*

**5** D'athraigh dearadh na mainistreacha in Éirinn nuair a tháinig Ord na Cistéirseach chun na tíre. Pléigh an ráiteas seo maidir le mainistir Luath-Éireannach agus maidir le mainistir Chistéirseach Éireannach. Bíodh tagairt i do fhreagra d'ailtireacht, do mhaisiúchán agus d'fheidhm na mainistreacha.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Bunaíodh dhá stíl shainiúla den ailtireacht Sheoirseach in Éirinn san ochtú haois déag – stíl Phalladiach agus stíl Neo-Chlasaiceach. Pléigh an ráiteas seo agus comparáid agus contrárthacht á ndéanamh agat idir an dá fhoirgneamh ***atá léirithe ar an mbileog faoi iamh leis seo*** – Teach na Parlaiminte agus an Casino i Marino.
Bíodh tagairt i do fhreagra do na hailtirí atá i gceist, don fheidhm, agus do na gnéithe ailtireachta agus maisiúcháin.
*Léirigh do fhreagra.*

7. **(a)** Déan cur síos agus plé ar an bhféinphortráid ag James Barry (1741-1806), **dar teideal Self Portrait as Timanthes,** ***atá léirithe ar an mbileog faoi iamh leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra do cheapadóireacht, stíl, shamhlacha a úsáideadh, agus don teicníc.

**agus**

**(b)** Cuir i gcomparáid í le portráid le healaíontóir Éireannach ar bith eile, a mhaireann nó atá marbh.

*Léirigh do fhreagra.*

8. Roghnaigh ealaíontóir/dearthóir amháin díobh seo a leanas: Roderic O'Conor, Harry Clarke, Paul Henry, Edward Delaney, Charles Harper, John Rocha, Vivienne Roche.
Déan cur síos agus plé ar dhá shampla shainiúla de shaothar an ealaíontóra/dearthóra atá roghnaithe agat. Bíodh tagairt agat do bhunábhar téamúil, mheáin, stíl agus shamhlacha.
*Léirigh do fhreagra.*

*****************

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – go dtí Inniu)

9. San Eoraip, bhí baint ag crosáidí, oilithreachtaí agus na manaigh le forbairt na healaíne agus na hailtireachta Rómhánúla. Pléigh an ráiteas seo, agus bíodh tagairt agat i do fhreagra do dhá eaglais Rómhánúla shainiúla agus d'fhoinsí, d'fhorbairt agus do thréithe na stíle Rómhánúla.
*Léirigh do fhreagra.*

10. Samplaí den Stíl Ghotach Idirnaisiúnta iad **The Wilton Diptych** agus **Les Très Riches Heures du Due de Berry**. Pléigh agus déan comparáid idir na saothair seo agus bíodh tagairt ar leith do stíl, don léiriú ar an bhfíor dhaonna agus don fheidhm. Tá an dá shaothar ***léirithe ar an mbileog faoi iamh leis seo***.
*Léirigh do fhreagra.*

11. Bhí dlúthbhaint ag an eolas ar pheirspictíocht agus ar spás tríthoiseach a chur in iúl le saothar phéintéirí an Luath-Renaissance. Agus an ráiteas seo sa cheann agat, pléigh **Airgead Tobhaigh** le **Masaccio** (1401–1428), ***atá léirithe ar an mbileog faoi iamh leis seo*** agus scríobh nóta gearr ar shaothar amháin eile le Masaccio.
*Léirigh do fhreagra*.

12. Chruthaigh Leonardo da Vinci (1452–1519) agus Raphael (1483–1520) pictiúir ealaíne ina raibh an Mhaighdean agus an Naíonán mar phríomhábhar. Déan cur síos agus plé ar phictiúr amháin le gach ealaíontóir díobh ina bhfuil Maighdean agus Naíonán.
*Léirigh do fhreagra.*

13. Tá ardléiriú ar mhórán de na tréithe i saothar Carravaggio (1573–1610) le fáil i **Gabháil Chríost,** atá ***léirithe ar an mbileog faoi iamh leis seo.*** Déan cur síos agus plé ar shaothar Carravaggio trí thagairt go háirithe do **Ghabháil Chríost** agus do phictiúr amháin eile dá chuid.
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Chruthaigh Vermeer (1632–1675) pictiúir ealaíne de shaol coitianta a raibh fócas géar agud taithí aige air. Pléigh an ráiteas seo i dtaca lena shaothar. Ainmnigh agus pléigh go mion dhá phictiúr le Vermeer.
*Léirigh do fhreagra.*

**15.** Roghnaigh saothar a luíonn leis na catagóirí seo a leanas:
- **(i)** pictiúr a thaispeánann béile
- **(ii)** pictiúr nó dealbhóireacht ina bhfuil téama miotaseolaíoch
- **(iii)** pictiúr a thaispeánann chiaroscuro
- **(iv)** pictiúr nó dealbhóireacht a thaispeánann duine ina luí
- **(v)** pictiúr a thaispeánann damhsa nó ceol
- **(vi)** pictiúr a thaispeánann foréigean
- **(vii)** pictiúr a thaispeánann fórsaí an nádúir

**(a)** Ainmnigh agus pléigh an saothar atá roghnaithe agat, agus tú ag tagairt don stíl agus don teicníc agus mínigh cén fáth a gceapann tú go luíonn sé leis an gcatagóir atá roghnaithe agat.

**agus**

**(b)** Ainmnigh agus pléigh sampla amháin eile as an gcatagóir chéanna nó saothar amháin eile leis an ealaíontóir atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra.*

**16.** Cuimsíonn Monet (1840–1926) agus Renoir (1841–1919) tréithe físiúla an Imprisineachais. Pléigh an ráiteas seo agus tagairt mhion á déanamh agat do phictiúr amháin le gach duine den bheirt acu.
*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Pléigh an Bauhaus agus an tionchar a bhí aige ar ailtireacht an fichiú haois. Déan tagairt i do fhreagra do dhá fhoirgneamh shainiúla.
*Léirigh do fhreagra.*

*****************

# Roinn III - Léirthuiscint na hEalaíne

**18.** Le blianta beaga rinneadh athchóiriú ar mhórán foirgneamh atá spéisiúil ó thaobh stair na hailtireachta agus cuireadh iad in oiriúint d’fheidhmeanna nua.

**(a)** Ainmnigh agus déan cur síos ar fhoirgneamh ar bith ar sampla maith é dar leat d’athchóiriú agus d’oiriúnú sásúil.

**agus**

**(b)** Léirigh i do thuairim cad iad na príomhghnéithe is ceart a chur san áireamh in athchóiriú agus in oiriúnú ar fhoirgneamh stairiúil.
*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Iarradh ort físeán a dhéanamh chun do scoil agus na gníomhaíochtaí éagsúla a bhíonn ar siúl inti a chur chun cinn. Mol bealaí a bhféadfaí obair cheamara, soilsiú, dath agus fuaim a úsáid chun a leithéid d’fhíseán a dhéanamh, agus mínigh an fheidhm atá le clár an sceíl.
*Léirigh do fhreagra.*

**20.** **(a)** Roghnaigh agus ainmnigh gailearaí, nó músaem ar thug tú cuairt air agus cuir í gcomparáid é le hionad léirithe, ionad oidhreachta, ionad ceardaíochta nó teach de chuid na n-usal ar thug tú cuairt air.

**agus**

**(b)** Déan comparáid idir na teicnící chun aird an chuairteora a fháil agus eolas a thabhairt dó/di, agus cuir béim ar an leagan amach, bealach isteach, an soilsiú, lipéadú na rudaí ar taispeáint, úsáid na teicneolaíochta nua-aimseartha, agus ar sholáthar an eolais ghinearálta.

*Léirigh do fhreagra.*

**21.** Dearadh an dealbhóireacht ***atá léirithe ar an mbileog*** faoi iamh leis seo mar chuimhneachán ar Martin Donoghue a bhunaigh Cumann Thiománaithe Míchumasaithe na hÉireann agus ar cheoltóir cumasach freisin é.

**(a)** Déan anailís agus plé ar a gnéithe físiúla agus dealbhóireachta a gnéithe.

**agus**

**(b)** Rianaigh do chuid smaointe féin do leacht cuimhneacháin de chineál eile, agus luaigh go mion na cúiseanna don chinneadh dearaidh agat.

*Léirigh do fhreagra.*

**22.** Tá na taispeántais i bhfuinneoga siopaí dírithe ar aird chustaiméirí a mhealladh.

**(a)** Déan an ráiteas seo a phlé i dtaca leis an ***léaráid ar an mbileog*** ina theannta seo.

**agus**

**(b)** Pléigh taispeántas sainiúil i bhfuinneog siopa a bhfuil cur amach agat air agus mol bealaí arbh fhéidir é a dhéanamh níos spéisiúla ón taobh físúil.

*Léirigh do fhreagra.*

**23.** Is annamh a bhíonn táirgí nua go hiomlán nua ach is amhlaidh gur forbairt iad ar dhearadh atá ann cheana féin.

**(a)** Pléigh an ráiteas seo i dtaca leis an seinnteoir dlúthdhioscaí ***atá léirithe ar an mbileog*** faoi iamh leis seo**.**

**agus**

**(b)** Ainmnigh agus déan plé ar shampla amháin eile den dearadh éabhlóideach i dtáirge ar bith ar spéis leat é.

*Léirigh do fhreagra.*

********************